ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA 2005

COMHCHOISTÍ PÓILÍNEACHTA

TREOIRLÍNTE

Brollach

Déanann Acht an Gharda Síochána 2005 foráil le haghaidh Comhchoistí Póilíneachta a bhunú. Éire a bheith ag athrú go pras an comhthéacs ina ndéantar seo chomh maith leis an bhfeasacht nach é an rialtas láir amháin a chaithfidh freagairt do na saincheisteanna atá ag pobail áitiúla. Ábhar dúshlán a bheidh le tabhairt ag an rialtas láir agus an rialtas áitiúil atá sna hathruithe os ár gcomhair amach. Dar linn gur deis den scoth is ea na Comhchoistí Póilíneachta aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo.

Is sa chomhthéacs seo atá na Coistí á leathnú amach anois go dtí limistéir na 114 údarás áitiúil. Tabharfaidh siad deis do chomhaltaí tofa údarás áitiúil, don Gharda Síochána, do chomhaltaí an Oireachtais agus do dhaoine den phobal, trí mhúnla comhpháirtíochta, tionchar suntasach, creidimid, a imirt ar chaighdeán an ghnáthshaoil ag gach duine sa phobal i limistéar gach údaráis áitiúil.

Le dhá bhliain anuas, bunaíodh 29 gComhchoiste Póilíneachta i limistéir ionadaíocha de chuid na n-údarás áitiúil ar fud na tíre. Is mór a chuir an taithí phraiticiúil a fuarthas trí oibriú na gCoistí píolótacha seo, agus na ceachtanna a foghlamaíodh i gcaitheamh próisis comhairleoireachta, a thosaigh le seimineár d'ionadaithe na gCoistí píolótacha seo i mí na Samhna 2007, leis na Treoirlínte nua, cuimsitheacha seo.

Beidh baint lárnach ag an gcomhpháirtíocht idir an Garda Síochána agus an t-údarás áitiúil le hoibriú éifeachtach gach Coiste. Ar nós coiste ar bith áfach, tá sé riachtanach go n-aithnítear ról gach comhalta agus go mbíonn cur chuige comhchoiteann ann maidir le freagracht a shannadh agus a ghlacadh. Beidh an comhoibriú idir baile agus tuath riachtanach freisin le cinntiú go seachnaítear comhionannú oibre agus gnéithe den obair a bheith ag cúngú ar a chéile agus go mbeidh gníomhaíochtaí na gCoistí comhlántach. Beidh sé ríthábhachtach freisin dlúththeagmháil a fhorbairt idir Coiste agus Contae nó Bord Forbartha Cathrach an Choiste sin. Is trí chur chuige comhchoiteann, comhoibríoch den sórt seo, agus tríd sin amháin, a oibreoidh Comhchoiste Póilíneachta go héifeachtach chun tairbhe a phobail áitiúil.

Creidimid go bhfuil ar chumas na gComhchoistí Póilíneachta cur go mór le feabhsú na póilíneachta sna limistéir a ndéanann siad ionadaíocht orthu a rachaidh chun tairbhe na gcónaitheoirí go léir agus le hAcht an Gharda Síochána 2005 a fhíorú.

Dermot Ahern
An tAire Dlí agus Cirt,
Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

John Gormley
An tAire Comhshaoil,
Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

1. Réamhrá

1.1 Cuirtear na Treoirlínte seo in ionad na dTreoirlínte go léir a bhí ann roimhe seo, atá tarraingthe siar anois.

1.2 Aon tagairt sna Treoirlínte seo do chomhchoiste póilíneachta (CCP), tá sí le forléiriú freisin mar thagairt d'fhochoiste limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath.

1.3 Tá se mar chuspóir ag na treoirlínte seo feidhmeanna, comhdhéanamh agus oibriú na gcomhchoistí póilíneachta de réir Acht an Gharda Síochána 2005 a leagan amach go mion. Forálann an tAcht (alt 36) do bhunú CCP i ngach ceantar riaracháin údaráis áitiúil. Tá sé mar chuspóir ag na CCP seo fóram a sholáthar mar a mbeidh údarás áitiúil agus na hoifigigh shinsearacha de chuid an Gharda Síochána atá freagrach as póilíneacht an cheantair sin, dul i gcomhairle, dul i mbun plé agus moltaí a dhéanamh maidir le cúrsaí a bhaineann le póilíneacht a dhéanamh ar an gceantar sin le rannpháirtíocht chomhaltaí an Oireachtais agus leasanna pobail. Tá sé de rún freisin gur comhpháirtíochtaí, a mbeidh nádúr comhoibrithe acu, a bheidh sna CCP agus go bhfeidhmeoidh said de réir mhír 2.1 thíos lena laghad foirmeáltachta agus is féidir chun na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar an bpobal áitiúil nó ar ábhar imní doibh iad, a aithint, feasacht ina dtaobh a mhéadú agus réiteach orthu a aimsiú. Trí obair CCP beidh deis ag an dá pháirtnéir – an t-údarás áitiúil agus an Garda Síochána – chomh maith le comhaltaí an Oireachtais agus leasanna pobail, tionchar a imirt ar shábháilteacht agus caighdeán maireachtála an phobail a fheabhsú.

1.4 Ba cheart dá réir sin CCP a bhunú le haghaidh ceantar riaracháin gach ceann den 114 údarás áitiúil sa Stát. I gcás Chathair Bhaile Átha Cliath, ba cheart cúig fhochoiste ceantair, ag freagairt do cheantair oibriúcháin Chomhairle na Cathrach, a bhunú chun obair na CCP a chur ar aghaidh ar mhodh éifeachtach, éifeachtúil agus inbhainistithe. (Féach cuid 16 le haghaidh sonraí maidir le ballraíocht CCP.)

1.5 Níor cheart do bhunú na CCP baint de chaidreamh agus comhairleoireacht rialta laethúil ag an mbunleibhéal, ná teacht ina n-ionad, ar cuid den ghnáthphóilíneacht iad; is amhlaidh freisin don teagmháil áitiúil oiriúnach a chothabháil agus a fhorbairt idir an t-údarás áitiúil agus ionadaithe an Gharda Síochána, nach dteastaíonn struchtúr foirmiúil chucu.

1.6 Tá sé inmhianaithe go gcoimeádfaí srian inbhainistithe ar na héilimh a dhéanfar ar an nGarda Síochána agus na húdaráis áitiúla de dhroim rannpháirtíochta sna CCP. Ba cheart solúbthacht a bheith ann chun oiriúnaithe le tosca áitiúla áirithe, ar nós daonra, nádúr an cheantair agus tosaíochtaí póilíneachta, agus ba cheart nascáil cheart a bheith ann idir na CCP agus a gcuid údarás áitiúil.

1.7 Ba cheart go bhfaigheadh gach comhalta de CCP cóip de na Treoirlínte seo.

1.8 Ba cheart cóipeanna de na Treoirlínte a bheith ar fáil i ngach oifig de chuid na n-údarás áitiúil, le haghaidh comhairleoireachta agus tagartha ag comhaltaí

tofa agus foireann an údaráis áitiúil agus daoine den phobal. Ba cheart cóipeanna a bheith ar fáil freisin i ngach áitreabh oibriúcháin de chuid an Gharda Síochána mar áis chomhairle agus thagartha ag oifigigh de chuid na nGardaí, fostaithe sibhialta agus daoine den phobal. Ba cheart do na húdaráis áitiúla agus don Gharda Síochána a chinntiú go scaiptear feasacht faoi na CCP, na fochoistí agus na Treoirlínte chomh forleathan agus is féidir.

1.9 Cuirtear níos mó sonraí ar fáil i leith gnéithe áirithe de na Treoirlínte in Aguisín 1 — Cód Cleachtais.

2. Feidhmeanna

2.1 Leagtar amach feidhmeanna na CCP in alt 36(2) d'Acht an Gharda Síochána[1], a shonraíonn:

"Is é is feidhm leis an gcomhchoiste póilíneachta ná freastal a dhéanamh mar fhóram le haghaidh comhairleoireachta, plé agus molta i dtaca le ceisteanna a chuireann isteach ar phóilíneacht cheantar riaracháin an údaráis áitiúil, agus go sonrach –

(a) athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar -

(i) leibhéil agus pátrúin na coiriúlachta, an mhí-oird agus an iompair fhrithshóisialaigh sa cheantar sin (pátrúin agus leibhéil mhí-úsáid alcóil agus drugaí san áireamh), agus

(ii) na tosca atá mar bhunús le leibhéil na coiriúlachta, an mhí-oird agus an iompair fhrithshóisialaigh sa cheantar, agus a chuireann leo,

(b) comhairle a chur ar an údarás áitiúil atá i gceist agus an Garda Síochána maidir leis an gcaoi is fearr a fhéadfadh siad a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ag féachaint don riachtanas gach is féidir a dhéanamh chun sábháilteacht agus caighdeán na maireachtála a fheabhsú agus chun cur in aghaidh na coiriúlachta, an mhí-oird agus an iompair fhrithshóisialaigh sa cheantar,

(c) cruinnithe poiblí a eagrú agus a thionól i dtaca le ceisteanna a chuireann isteach ar phóilíneacht cheantar riaracháin an údaráis áitiúil,

(d) fóraim phóilíneachta áitiúla a bhunú de réir mar a mheasann an coiste a bheith riachtanach laistigh de chomharsanachta faoi leith sa cheantar, i gcomhairle le ceannfort áitiúil an Gharda Síochána, chun plé agus moltaí a dhéanamh don choiste i dtaca le ceisteanna a bhfuil siad le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu faoi mhír (a) nó a bhfuil sé

[1] Treoir amháin, agus ní tiontú oifigiúil, atá i gceist leis na sleachta sin as an reachtaíocht a thugtar sna Treoirlínte seo, ná ní airbheartaíonn an téacs sin a bheith oifigiúil.

chun comhairle a chur ar fáil ina dtaobh faoi mhír (b), chomh fada agus a chuireann na ceisteanna sin isteach ar a gcomharsanachta féin, agus

(e) comhordú a dhéanamh ar ghníomaíochtaí na bhfóram póilíneachta áitiúla faoi mhír (d) nó eile."

2.2 Forálann alt 37(1):

"I gcomhlíonadh a fheidhmeanna, féachfaidh údarás áitiúil don tábhacht a bhaineann le céimeanna a ghlacadh chun cur in aghaidh na coiriúlachta, an mhí-oird agus an iompair fhrithshóisialaigh laistigh de cheantar a chuid freagrachta."

2.3 Mar thoradh ar obair na CCP, ba cheart cinntí a dhéanann aon cheann de na páirtithe leasmhara a bhfuil ionadaíocht ar an CCP acu, a bheith á ndéanamh i gcomhthéacs níos mó mionfhaisnéise a bheith ar fáil ón phlé a dhéantar ar riachtanais agus ar thoscaí logánta. Go sonrach, feidhmeoidh an CCP mar mheicníocht trínar féidir, ar an gcéad dul síos, ról a bheith ag an údarás áitiúil i bhfaisnéis agus tuairimí a sholáthar d'oifigigh Rannán agus Dúiche de chuid an Gharda Síochána, d'fhonn cuidiú leo a mbeartais bhliantúla póilíneachta a fhoirmliú agus a oibriú, agus, ar an dara dul síos, féadfaidh oifigigh Rannán agus Dúiche an Gharda Síochána faisnéis agus tuairimí a sholáthar don údarás áitiúil d'fhonn a chuid dualgas, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí a chomhlíonadh.

3. <u>Bunú</u>

3.1 Forálann alt 36(1) d'Acht an Gharda Síochána:

"Socróidh údarás áitiúil agus Coimisinéir an Gharda Síochána go mbunófar comhchoiste poilíneachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint …"

3.2 Déanfaidh údarás áitiúil, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána nó le hoifigeach arna údarú aige nó aici chun dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil, CCP a bhunú le rún.

3.3 Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a cheapfaidh ionadaithe an Gharda Síochána ar an CCP. Maidir leis na baill eile a cheapfar ar dtús, is le rún de chuid an údaráis áitiúil trínar bunaíodh é a cheapfar iad, agus is le rún den sórt sin, nó de réir mar a fhorálfaidh an t-údarás áitiúil sin le rún, a dhéanfar ceapacháin ina dhiaidh sin.

4. <u>Cathaoirleach</u>

4.1 Forálann alt 35(2)(c) d'Acht an Gharda Síochána go roghnófar cathaoirleach coiste as measc na gcomhaltaí tofa arna n-ainmniú chun an CCP ag an údarás áitiúil iomchuí.

4.2 Is iad comhaltaí an CCP tofa ag an údarás áitiúil a cheapfaidh cathaoirleach an CCP.

4.3 Ní mhairfidh téarma oifige cathaoirligh tráth níos lú ná dhá bhliain agus, tar éis an chéad téarma, is ar bhonn sealaíochta a bheidh an téarma idir chomhaltaí tofa an údaráis áitiúil de chuid an CCP. I bhfianaise ról lárnach an chathaoirligh maidir leis an rath a bheidh ar an CCP, spreagtar na CCP chun téarma oifige níos faide ná dhá bhliain a bhreithniú.

4.4 Tá ról lárnach ag cathaoirleach CCP a chinntiú go leantar na Treoirlínte seo.

4.5 Beidh sé de rogha ag CCP leaschathaoirleach a cheapadh as measc chomhaltaí tofa udaráis áitiúil. Is iad comhaltaí tofa an údaráis áitiúil de chuid an CCP a cheapfaidh leaschathaoirleach an CCP. Chomh fada is indéanta, cinnteoidh an CCP gur comhaltaí de ghrúpaí éagsúla polaitiúla a bheidh in oifigí an chathaoirligh agus an leaschathaoirligh i gcónaí.

5. Comhaltaí Oireachtais nach Comhaltaí CCP

5.1 Tá comhalta Oireachtais i dteideal a bheith i láthair, gan fógra a thabhairt, ag cruinniú CCP faoi réir, mar is iomchuí, alt 45 (3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 nó rialacháin arna ndéanamh faoi alt 54 den Acht sin.

5.2 Cuirfidh CCP an fógra, an clár oibre agus miontuairiscí chruinnithe an CCP, tuairiscí arna ndéanamh ag an CCP agus chun an CCP, ar fáil saor ó chostas do chomhaltaí Oireachtais nach comhaltaí CCP, sa chás go gcuireann comhalta in iúl don choiste i scríbhinn nó go leictreonach gur mian leis nó léi go gcuirfí doiciméid den sórt sin ar fáil dó nó di.

6. Cruinnithe CCP

6.1 Is toimhde é go bhfuil an pobal (duine ar bith nach bhfuil ag freastal ar an gcruinniú ar iarratas ón CCP) agus ionadaithe na meán cumarsáide (lena n-áirítear ionadaithe creidiúnaithe an phreasa áitiúil agus náisiúnta, an raidió áitiúil agus náisiúnta agus na teilifíse áitiúil agus náisiúnta) i dteideal a bheith i láthair ag cruinniú CCP agus go gcuirfear ar fáil dóibh faisnéis nó cáipéisí a thairgeofar don CCP, ach amháin má bhíonn cúinsí dlí nó rúndachta ann nárbh fhéidir é seo a dhéanamh nó nach mbeadh sé chun leas an phobail daoine den sórt sin a bheith i láthair nó chun faisnéis nó doiciméid den sórt sin a chur ar fáil. (Féach míreanna 6.2 agus 6.3 thíos.) Ba cheart do na CCP a ndícheall a dhéanamh a dtuarascálacha agus a ndoiciméid a bheith ar fáil go poiblí chomh forleathan agus is féidir.

6.2 Má bhíonn CCP den tuairim go mbeadh sé inmhianaithe gan daoine den phobal agus ionadaithe na meán cumarsáide a bheith i láthair ag cuid de chruinniú nó ag cruinniú iomlán faoi leith, mar shampla, de bharr nádúr speisialta an chruinnithe nó mír ar an gclár gnó atá le breithniú nó atá ar tí a breithnithe, féadfaidh an CCP cinneadh a dhéanamh teacht le chéile *i gcoiste*.

6.3 Is *i gcoiste* a thionólfar cruinnithe chun gnó atá le déanamh a phleanáil, lena n-áirítear cruinnithe poiblí.

6.4 Ba cheart do CCP iarrachtaí ar leith a dhéanamh sa chéad chéim aige na nithe seo a leanas a fhógairt go poiblí:

- a bhunú, a chuspóir agus a chuid feidhmeanna;
- dáta, am agus láthair a chruinnithe tosaigh;
- cuireadh chun freastail don phobal, agus forálacha mhíreanna 6.2 agus 6.3 á gcur san áireamh.

6.5 Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh a chinntiú go dtionóltar cruinnithe ar fud cheantar an údaráis áitiúil nó an cheantair oibriúcháin, de réir mar is cuí.

6.6 Samhlaítear go mbeadh cruinnithe ráithiúla le haghaidh gach coiste leordhóthaineach i bhfurmhór na n-imthosca a bheadh ann. Ba cheart cruinnithe a thionól ag amanna agus in áiteanna a éascóidh an tinreamh is mó.

6.7 Má aontaíonn an cathaoirleach agus ionadaí de chuid an Gharda Síochána gurbh fhiú cruinniú breise a bheith ann ar chúinsí práinne, féadfar cruinniú den sórt sin a thionól d'eisceacht.

6.8 Agus dáta agus am cruinnithe á socrú, ba cheart do CCP a dhícheall a dhéanamh a chinntiú go socraítear dáta agus am a cheadódh do chomhalta is comhalta de Theach de chuid an Oireachtais freastal ar chruinniú den Teach sin.

7. <u>Cruinnithe Poiblí</u>

7.1 Forálann Alt 36 (2) (c) d'Acht an Gharda Síochána gurb é is feidhm le CCP, inter alia, "cruinnithe poiblí a eagrú agus a thionól i dtaca le ceisteanna a chuireann isteach ar phóilíneacht cheantar riaracháin an údaráis áitiúil".

7.2 Beidh na cruinnithe poiblí dírithe níos mó ar an bpóilíneacht ghinearálta ná ar phearsana aonair agus comhoibriú an phobail a fháil chun cur in aghaidh na coiriúlachta.

7.3 Samhlaítear go dtionólfadh na CCP cruinnithe poiblí ar bhonn rialta agus uair sa bhliain ar a laghad. Ba cheart féachaint chuige go dtionóltar cruinnithe in áiteanna éagsúla.

7.4 Agus cruinniú poiblí á bhreithniú, á shocrú agus á thionól, ba cheart do CCP a bhreithniú ar cheart do ghnó an chruinnithe díriú ar ábhar, aoisghrúpa nó ceantar geografach ar leith nó ar mheascán díobh seo.

7.5 Ba cheart a laghad foirmiúlachta agus is féidir a bheith ag baint le nósanna imeachta do chruinnithe poiblí agus ba cheart dóibh nádúr comhoibritheach na CCP a léiriú.

7.6 Déanfar cinntí maidir le cruinnithe poiblí a thionól ag cruinnithe den CCP. Ba cheart a bheith glactha ar a laghad 14 lá roimh chruinniú le fógraí chun a chur in iúl don phobal:

- faoi dháta, am, láthair agus chuspóir an chruinnithe;
- go bhfuil fáilte rompu freastal ar an gcruinniú;
- go bhfuil sé de cheart acu a gcuid tuairimí a chur in iúl agus ceisteanna a chur ar chomhaltaí an CCP;
- faoin nós imeachta chun ceisteanna scríofa a chur isteach, lena n-áirítear seoladh chuige seo;
- faoi bhealach roghnach chun ceist a chur isteach (dóibh siúd a bhfuil deacracht acu ábhar scríofa a sholáthar), mar shampla trí cheist a thaifeadadh trí uimhir ghutháin lena leagadh síos i scríbhinn;
- go nglacfar le ceisteanna ó dhuine ar bith a gcuireann póilíneacht an cheantair isteach air nó uirthi;
- gur cheart do cheistitheoirí a n-ainm agus a seoladh a thabhairt, nach gcuirfear faoi bhráid an phobail;
- go bhfáiltíonn an CCP roimh thuairimí an phobail faoin ábhar ba cheart a phlé ag an gcruinniú agus conas ba cheart na cruinnithe a sheoladh agus chomh maith leis sin faoi chruinnithe poiblí a tionóladh roimhe seo (ba cheart don fhoirmliú a úsáidtear aon chinntí tar éis mhír 7.4 a chur san áireamh);
- nach mbeifear ábalta i roinnt imthosca an fhaisnéis a lorgaítear a chur ar fáil (féach mír 7.12 agus alt 8 thíos).

7.7 De réir mar a mhéadóidh cur amach an phobail ar na cruinnithe, féadfaidh an CCP a mheas nach bhfuil sé riachtanach an leibhéal céanna sonraí a chur ar fáil i ngach fógra den sórt sin.

Faisnéis i leith Cruinnithe Poiblí a Scaipeadh

7.8 Ba cheart soláthar iomchuí a dhéanamh le cinntiú go gcuirtear codanna imeallacha agus iargúlta den phobal ar an eolas faoi na cruinnithe. Ba cheart féachaint chuige go háirithe dáta, am agus láthair a roghnú a thabharfaidh an deis is fearr don líon is mó áititheoirí agus is féidir freastal ar na cruinnithe. Ina leith seo, ba cheart an oiread úsáid agus is féidir a bhaint as gréasáin de phobail ghníomhacha agus grúpaí áitiúla agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Clár Ceantar ábhartha Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt.

7.9 Féadfaidh ionadaithe na meán cumarsáide freastal ar chruinnithe poiblí, faoi réir fhorálacha alt 45 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

An Nós Imeachta Chun Ceisteanna a Chur Síos

7.10 Ionas go méadófar táirgiúlacht na gcruinnithe, ba cheart an pobal a spreagadh chun foláireamh chomh fada agus is féidir a thabhairt faoi na ceisteanna a bheidh le hardú.

7.11 In imthosca áirithe, ar chúinsí dlí nó de bhrí nach mbeadh sé chun leas an phobail déanamh amhlaidh (féach alt 8), d'fhéadfadh sé nach mbeidh sé

indéanta ag ionadaí an Gharda Síochána ná ag an údarás áitiúil freagra a thabhairt ar cheist.

7.12 Ina theannta sin in imthosca áirithe d'fhéadfadh sé nach mbeidh sé indéanta faisnéis a sholáthar nó freagra a thabhairt ar cheist de bhrí go mbeadh úsáid éaguimseach acmhainní i gceist chuige sin agus go gcaithfí an cruinniú a chur ar an eolas dá réir.

7.13 Muran féidir faisnéis a sholáthar ar cheann ar bith de na cúiseanna thuas ba cheart don chathaoirleach an ceistitheoir a spreagadh chun an cheist a chur i bhfocail eile chun deis níos fearr a chruthú le faisnéis a sholáthar. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an ceistitheoir ceist ghinearálta seachas saincheist sa chás seo.

7.14 Ba cheart taifead a choinneáil de na ceisteanna scríofa ar fad a chuirtear isteach. Beidh na ceisteanna agus na freagraí a thugtar mar chuid de thaifid oifigiúla an CCP. Ba cheart taifid den sórt sin a stóráil go cuí.

8. Ábhar Cruinnithe

8.1 Ba cheart ábhar cruinnithe a bheith ar aon dul le halt 2 de na Treoirlínte seo. Tá réimse nithe ann áfach nach féidir a phlé. Leagtar amach iad seo sna míreanna seo a leanas.

8.2 Forálann alt 36 (4) d'Acht an Gharda Síochána:

"Ní cheadaítear don chomhchoiste póilíneachta ná d'aon cheann dá fhochoistí nithe a bhaineann le fiosrú nó ionchúiseamh coiriúlachta faoi leith nó ceisteanna a bhaineann le slándáil an Stáit a bhreithniú."

Baineann sé seo freisin leis na cruinnithe poiblí a mbeidh CCP mar óstach orthu.

8.3 Níor cheart do CCP ní a bhreithniú:

- dá gcuirfeadh sé slándáil aon duine nó daoine i mbaol;
- má bhaineann sé le pearsa aonair;
- má bhaineann sé le faisnéis a fuair na Gardaí Síochána nó an t-údarás áitiúil faoi rún;
- dá mbeadh réamhchlaonadh i gceist leis, nó más dócha réamhchlaonadh a bheith i gceist leis, i dtaca le coir a chosc nó a bhrath nó le gabháil nó cúiseamh ciontóirí; nó
- má mheasfar go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do ní oibriúcháin de chuid an Gharda Síochána, ar nós leas a bhaint as aonaid speisialta nó a gcomhdhéanamh, nó má bhaineann sé le hábhar de nádúr íogair.

8.4 Ní phléifear ná ní ainmneofar pearsana aonair. Ní foláir cloí le ceart an duine chun príobháideachais agus forálacha Acht Choinbhinsiúin na hEorpa um Chearta an Duine 2003.

9. Tuarascálacha

9.1 Forálann alt 36(5) d'Acht an Gharda Síochána:

"Tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis deireadh gach bliana, déanfaidh an comhchoiste poilíneachta —

(a) tuarascáil a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil ar chomhlíonadh a fheidhmeanna le linn na bliana roimhe sin, agus

(b) cóip den tuarascáil a chur ar fáil don Aire [Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí], do Choimisinéir an Gharda Síochána agus do cibé daoine eile a fhéadfar a shonrú sna treoirlínte arna n-eisiúint faoi alt 35."

9.2 Chomh maith leis sin, ba cheart cóip den tuarascáil a chur ar fáil don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

9.3 Go sonrach, ba cheart go leagfaí amach sa tuarascáil conas mar a chomhlíon sé a chuid feidhme faoi gach ceannscríbhinn a leagtar amach in alt 36 (2) d'Acht an Gharda Síochána agus na torthaí a bhí ar na straitéisí a ghlac an CCP.

10. Tacaíocht

10.1 Beidh roinnt maoinithe ar fáil chun tacú le hobair na CCP ó na Ranna Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

11. Grúpa Stiúrtha

11.1 I bhfianaise scála na ngníomhaíochtaí ag na CCP le haghaidh ceantar riaracháin cathrach agus contae, spreagtar CCP den sórt sin grúpa stiúrtha a bhunú, arb é a bheidh ann cathaoirleach an CCP, ionadaí an Gharda Síochána agus an bainisteoir cathrach / contae nó duine arna ainmniu aige nó aici. Is í an fheidhm a bheidh ag an ngrúpa stiúrtha feidhmiú éifeachtach an CCP a éascú. Go sonrach, socróidh sé nósanna imeachta chun aon chomhaltaí nua nó ionadaíocha a cheapadh, tarraingeoidh suas an clár oibre agus socróidh doiciméadú le haghaidh cruinnithe (féach mír 15.7), beidh sé ina phointe teagmhála le haghaidh comhoibrithe agus comhghníomhaíochtaí le CCP eile (féach alt 13) agus le haon fhochoistí de chuid an CCP.

12. Fochoistí

12.1 Má mheasann CCP gur gá fochoiste a bhunú, féadfaidh se déanamh amhlaidh. Ba cheart féachaint chuige go seachnaítear iliomad fochoistí, arb é a bheadh iontu úsáid neamhtháirgiúil ar acmhainní atá gann. Ní bhunóidh aon CCP níos mó ná trí fhochoiste. I gcás Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, bheadh

siad seo ann i dteannta na gcúig fhochoiste ceantair. Ní fhéadfaidh gach ceann de na fochoistí ceantair seo níos mó ná trí ghrúpa oibre a bhunú.

12.2 Ba cheart d'fhochoiste díriú ar cheantar geografach sainiúil laistigh de cheantar riaracháin an údaráis áitiúil nó sainchúram téamach a bheith aige (féach Aguisín 1 – Cód Cleachtais) nó ba cheart cónascadh den dá rud a bheith ann. Níor cheart é a mheas mar chomhionann d'fhóram póilíneachta áitiúil (féach cuid 14).

12.3 Ba cheart d'fhochoistí, seachas fochoiste ceantair Chathair Bhaile Átha Cliath, a bheith ann le haghaidh tréimhse sonraithe, eg de thoradh fadhb shainiúil a éiríonn, nó le haghaidh tréimhse neamhshocraithe, eg nuair a bhíonn sainchúram téamach aige, agus ba cheart dó a bheith dírithe go mór ar thorthaí.

13. Comhoibriú agus Gníomhaíocht Chomhpháirteach le Comhchoistí Póilíneachta Eile

13.1 Má mheasann dhá CCP nó níos mó ná sin, é a bheith oiriúnach déanamh amhlaidh, féadfaidh siad, le rún gach ceann de na CCP, comhoibriú lena chéile agus dul i mbun gníomhaíochta comhpháirte. Féadfaidh CCP comhoibriú agus gníomhú i gcomhpháirt le níos mó ná CCP amháin nó grúpa CCP. Féadfaidh fochoiste ceantair de chuid Chathair Bhaile Átha Cliath dul i mbun comhoibrithe agus comhghníomhaíochta le níos mó ná fochoiste ceantair amháin de chuid Chathair Bhaile Átha Cliath nó grúpa d'fhochoistí ceantair de chuid Chathair Bhaile Átha Cliath.

Comhchoistí Póilíneachta Baile agus Contae

13.2 Go sonrach, comhoibreoidh CCP le haghaidh baile agus feidhmeoidh sé i gcomhpháirt maidir le hábhair chomhchúraim leis an CCP le haghaidh an chontae ina bhfuil sé lonnaithe agus leis na CCP le haghaidh aon bhailte eile sa tír. Comhoibreoidh an CCP le haghaidh an chontae ar an gcuma chéanna agus gníomhóidh i gcomhpháirt ar an gcuma chéanna leis na CCP le haghaidh na mbailte sa chontae.

13.3 Tá sé riachtanach go nglacfaidh na CCP baile agus contae gach céim is gá le cinntiú nach dtarlaíonn aon comhionannú ná cúngú ar obair a chéile, ach go mbeidh a gcuid gníomhaíochtaí comhlántach ar a chéile. De bhreis ar na nithe a leagtar amach i míreanna 13.1 agus 13.2, d'fhéadfadh malartú clár oibre (roimh chruinnithe) agus malartú miontuairiscí a bheith san áireamh leo seo, comhchruinnithe ó am go ham a bheith ag cathaoirligh na CCP baile / contae maraon le hionadaithe na nGardaí agus na n-údarás áitiúil le cinntiú go mbeidh cur chuige éifeachtach éifeachtúil ag na CCP agus trasna orthu laistigh den chontae.

13.4 Ba cheart go léireodh cláir oibre agus tuarascálacha na CCP laistigh den chontae go soiléir an chaoi a bhfuil comhoibriú den sórt seo á bhaint amach.

13.5 Sa chás go mbíonn baile lonnaithe tadhlach le teorainn contae, seachas an contae ina bhfuil sé lonnaithe, ba cheart go mbeadh comhoibriú agus comhghníomhaíocht i gceist freisin ag an CCP le haghaidh an bhaile agus an CCP le haghaidh an chontae thahdlaigh. Dhéanfaí an comhoibriú a éascú ag cruinnithe idir na cathaoirligh nuair a mheasfaí sin a bheith ag teastáil.

Boird Forbartha Contae / Cathrach agus Comhchoistí Póilíneachta Contae / Cathrach

13.6 Ba cheart don CCP le haghaidh contae nó cathrach agus an Bord Forbartha Contae / Cathrach (BFC) don cheantar céanna a chinntiú go gcoinnítear nascáil éifeachtúil eatarthu. Ba cheart go n-áireofaí i nascáil den sórt sin cóipeanna de na tuarascálacha CCP le haghaidh an chontae nó na cathrach a bheith á gcur ar fáil don BFC a bhaineann le hábhar.

14. Fóraim Phóilíneachta Áitiúla

14.1 Forálann alt 36(2)(d) d'Acht an Gharda Síochána (féach mír 2.1) le haghaidh na CCP do bhunú fóram póilíneachtaí áitiúla. Ba cheart nósanna imeachta inmheánacha fóram den sórt seo a bheith cosúil leis na cinn atá ag na CCP, ach a bheith níos neamhfhoirmeálta a mhéid agus is féidir.

14.2 Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart do CCP a chinntiú agus fóraim phóilíneachta á mbunú acu nach mbaineann siad acmhainní atá gann ó obair na CCP iad féin.

14.3 De réir gníomh 11 den Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2001 — 2008, eiseofar Treoirlínte le haghaidh oibriú na bhfóram póilíneachta áitiúla i gceantair na dTascfhórsaí Áitiúla Drugaí, agus iad coigeartaithe chun díriú ar shaincheisteanna áirithe a bhainfidh leis na ceantair sin ar leith sula mbunófar iad. Eiseofar treoirlínte le haghaidh oibriú na bhfóram póilíneachta áitiúla i gceantair eile nuair a bheidh na CCP seanbhunaithe agus sula mbunaítear iad.

15. Nósanna Imeachta Inmheánacha

15.1 Ceanglaítear leis seo cód cleachtais mar Aguisín 1, agus in alt 1 de leagtar amach na prionsabail agus na cineálacha éagsúla cur chuige ar cheart do na CCP cloí leo agus iad ag feidhmiú.

15.2 Tabharfaidh comhaltaí CCP fógra don CCP má bhíonn aon leas acu in aon ní faoi chaibidil agus imeoidh siad as an seomra fad a bheidh an ní sin á phlé.

15.3 Ba cheart do CCP cuimhneamh i gcónaí an tábhacht a bhaineann le cumarsáid shoiléir, chuimsitheach agus leanúnach a bheith ar siúl idir a gcuid comhaltaí.

15.4 Ba cheart a laghad foirmiúlachta agus is féidir a bheith ag baint le nósanna imeachta agus ba cheart dóibh nádúr comhoibritheach na CCP a léiriú. Samhlaítear gur ar bhonn aontachta seachas de réir vótála a dhéanfaí cinntí. Sa chás eisceachtúil go gcaithfí vótáil ag cruinniú CCP áfach, beidh vóta amháin ag gach comhalta a bhíonn i láthair ag an gcruinniú. Féadfaidh comhalta

staonadh ó vótáil, agus féadfar staonadh den sórt seo a thaifeadadh sna miontuairiscí. Má bhíonn comhionannas vótaí ann, cinnfear ní os comhair cruinnithe leis an dara vóta nó vóta réitigh a chaithfidh cathaoirleach an chruinnithe.

15.5 Is é a bheidh i gcóram, cibé córam a bhfuil feidhm aige i ndáil le coiste den údarás áitiúil.

15.6 D'fhonn éascú do chomhaltaí CCP, ba cheart dáta don chéad chruinniú ina dhiaidh sin a shocrú ag gach cruinniú, seachas in imthosca eisceachtúla. In aon chás, ní mór fógra i scríbhinn a thabhairt do chomhaltaí an CCP maidir le dáta, am agus ionad cruinnithe ar a laghad 21 lá roimh an gcruinniú. Níor cheart cruinniú a bhíonn socraithe a chur ar ceal, seachas in imthosca eisceachtúla agus le toiliú an chathaoirligh. Nuair a chuirtear cruinniú ar ceal, ba cheart dáta, am agus ionad an chéad chruinnithe eile a shocrú, le toiliú an chathaoirligh.

15.7 Ba cheart clár oibre agus cáipéisí gaolmhara, miontuairiscí an chruinnithe dheiridh san áireamh, a chur timpeall roimh an gcruinniú. Ba cheart na cláir oibre a bheith fócasaithe, soiléir agus ba cheart go léireodh líon na míreanna a áirítear an méid ama a bhíonn ar fáil. Ba cheart dóibh cothromaíocht a bhaint amach idir ról agus freagrachtaí gach páirtí leasmhar. Folaíonn an cód cleachtais teimpléad le haghaidh an chláir oibre (Aguisín 1). Níor cheart go gcoiscfeadh an clárcheapadh mír ghnó a ardú (roimh an gcruinniú) atá sách práinneach, i dtuairim an duine atá mar chathaoirleach ar an gcruinniú, nó, mura mbíonn an cathaoirleach ar fáil, i dtuairim an leaschathaoirligh agus ionadaí an Gharda Síochána.

15.8 Má mheasann an CCP é a bheith iomchuí, féadfar cuireadh a thabhairt do dhuine nach comhalta freastal ar chruinniú agus labhairt ar mhír shainiúil. Baineann sé seo go háirithe le hionadaithe áisíneachtaí reachtúla nó daoine a bhfuil saineolas sonrach acu sa chás go measann an CCP go dteastaíonn a saineolas ag cruinniú ar leith.

15.9 Ag cruinnithe CCP, cuireann ionadaí an Gharda Síochána tuarascáil i láthair ina n-áirítear faisnéis ghinearálta i dtaca le déanamh coire agus le cúrsaí a bhaineann le cur in aghaidh na coiriúlachta sa cheantar. Ba cheart d'ionadaí an Gharda Síochána, a dhícheall nó a dícheall a dhéanamh sonraí staidrimh a chur ar fáil atá iomchuí agus ábartha le ceantar riaracháin an údaráis áitiúil.

15.10 Cuirfidh an bainisteoir cathrach nó contae, de réir mar is cuí, nó oifigeach arna ainmniú aige nó aici, tuarascáil i láthair freisin i ndáil lena bhfeidhmeanna, nó a fhoghabhann leo agus obair an CCP.

15.11 Tá deis ag comhaltaí an CCP ceisteanna a chur ar na hionadaithe iomchuí de chuid an Gharda Síochána agus an údaráis áitiúil maidir le nithe atá ina dtuarascálacha nó ar nithe eile. Níor cheart ceisteanna a chur ach amháin i leith obair an CCP agus níor cheart go gcaithfí méid ama atá as alt le haga an chruinnithe orthu.

15.12 D'fhonn táirgiúlacht na gcruinnithe a mhéadú, ba cheart tuarascálacha, doiciméadú agus cóipeanna d'ábhar a chuirtear i láthair a chur timpeall roimh chruinniú. Ba cheart déileáil le doiciméid den sórt seo mar ábhar atá faoi rún go dtí go dtionóltar an cruinniú. Ba cheart foláireamh a thabhairt freisin maidir le ceisteanna a bheartaítear a chur.

15.13 In imthosca áirithe, d'fhéadfadh sé nach mbeidh sé indéanta faisnéis a sholáthar nó freagra a thabhairt ar cheist de bhrí go mbeadh úsáid éaguimseach acmhainní i gceist chuige sin agus ba cheart an CCP a chur ar an eolas dá réir.

15.14 Nuair a dheimhneofar na miontuairiscí, agus iad leasaithe nó gan a bheith leasaithe, síneoidh an té a bhí mar chathaoirleach ar an gcruinniú ag ar cuireadh isteach lena ndeimhniú iad na miontuairiscí, agus glacfar i bhfianaise gan chrúthúnas le haon mhiontuairiscí a n-éilítear gur síníodh amhlaidh iad .

15.15 Ba cheart aon ráitis phoiblí de chuid CCP a dhéanamh ar bhonn aontaithe agus a eisiúint ag an gcathaoirleach thar ceann an CCP, nó ag an leaschathaoirleach, mura mbíonn an cathaoirleach ar fáil.

15.16 Ní dhéanfar gníomhartha, cinntí agus imeachtaí CCP neamhbhailí mar gheall ar fholúntas nó folúntais ina bhallraíocht nó mar gheall ar dhícháiliú nó easpa cáilithe aon duine dá chomhaltaí, agus ar an ábhar sin amháin.

15.17 Ní dhéanfar gníomhartha, cinntí agus imeachtaí CCP neamhbhailí ar an ábhar gur lú ná an líon dá bhforáiltear sna Treoirlínte seo, líon na gcomhaltaí den Oireachtas a mbeidh a leas i mballraíocht an CCP cláraithe acu, agus dá bhrí sin líon na gcomhaltaí den sórt sin ar an CCP, agus ar an ábhar sin amháin.

15.18 I gcás iompair mhí-ordúil ag cruinniú CCP, ba cheart an nós imeachta a leagtar amach thíos a chur i bhfeidhm.

Más rud é

(a) i dtuairim an té a dhéanann cathaoirleacht ar chruinniú ("an cathaoirleach"), go raibh nó go bhfuil aon chomhalta mí-ordúil trí neamhshuim a dhéanamh go leanúnach de rialú an chathaoirligh, nó trí iompar mí-ordúil, míchuí nó maslach, nó trí ghnó an chruinnithe a bhac ar mhodh eile, agus

(b) gur chuir an cathaoirleach a thuairim nó a tuairim in iúl do na comhaltaí i láthair tríd an gcomhalta lena mbaineann a ainmniú,

ansin féadfaidh an cathaoirleach nó aon chomhalta eile tairscint a dhéanamh "go bhfága an comhalta ainmnithe an cruinniú" agus, má chuidítear leis an tairscint, go gcuirfear an tairscint agus go gcinnfear í gan díospóireacht.

I gcás go gcinneann coiste de réir (a) agus (b) thuas go bhfágfaidh comhalta cruinniú, fágfaidh an comhalta sin an cruinniú láithreach agus ní bheidh i

dteideal labhairt ag an gcruinniú sin, ná aon bhaint eile a bheith aige nó aici leis, an lá sin.

Más rud é, i dtuairim an chathaoirligh -

(a) go bhfuil mí-ord ginearálta ann a chuireann bac ar ghnó an chruinnithe a dhéanamh go hordúil, nó

(b) más rud é go ndiúltaíonn comhalta, ar beartaíodh ina choinne nó ina coinne go bhfágfadh an té sin an cruinniú de bhua an ailt seo, a dhéanamh amhlaidh,

féadfaidh an cathaoirleach an cruinniú a chur ar athló go ceann cibé tréimhse a mheasann sé nó sí a bheith riachtanach ar mhaithe le hord.

16. Ballraíocht Comhchoistí Póilíneachta

16.1 Tá líon na gcomhaltaí i ngach CCP bunaithe ar líon na gcomhaltaí tofa sa chontae, sa chathair nó sa chomhairle baile a bhaineann le hábhar agus is mar a leanas a bheidh:

Líon na gComhaltaí Tofa ar an gComhairle	Líon na gComhaltaí ar an CCP
Comhairlí Contae	
32 nó níos mó	28
26 – 31	27
20 – 25	26
Comhairlí Cathrach	
52	28
31	30
17	26
15	24
Comhairlí Buirge / Baile	
12	22
9	19

Dá bhrí sin is mar a leagtar amach sna míreanna seo a leanas a bheidh ballraíocht na CCP.

16.2 **Comhairlí Contae**

16.2.1 **Comhairlí Contae a bhfuil 32 Chomhalta Tofa nó níos mó orthu**

Is é a bheidh i mballraíocht an CCP:

- 15 chomhalta tofa den údarás áitiúil agus a laghad 2 chomhalta acu ó gach toghcheantar áitiúil. De bhreis ar an líon sin, comhalta ex-officio den CCP a bheidh sa Chathaoirleach. Ní mór ionadaíocht ar an CCP a

bheith ag gach grúpa polaitiúil ar an gComhairle Contae. Má bhíonn comhionannas vótaí ann, cinnfear ní os comhair cruinnithe leis an dara vóta nó vóta réitigh a chaithfidh cathaoirleach an chruinnithe;

- 5 chomhalta Oireachtais, a roghnófar as a measc féin ag comhaltaí sin an Oireachtais a chláraigh leis an gComhairle Contae gur suim leo ballraíocht a bheith acu. Is ar bhonn sealaíochta gach re bliain a bheidh ballraíocht an Oireachtais, ar bhonn atá le cinneadh ag na comhaltaí Oireachtais atá cláraithe. Éascóidh an Chomhairle Contae an próiseas roghnaithe. Chomh fada agus is féidir beidh ionadaíocht i measc an chúigir ag gach grúpa polaitiúil a ndéanfaidh comhaltaí Oireachtais do cheantar na Comhairle Contae ionadaíocht orthu. Muran féidir leis na baill chláraithe Oireachtais cúigear chomhalta a roghnú as a measc féin, cuirfear ar chrann iad;

- An bainisteoir contae, ar comhalta ex-officio a bheidh ann nó inti, agus duine arna ainmniú aige nó aici. Féadfaidh cibé oifigigh eile is dóigh leis nó léi is iomchuí freastal ar chruinnithe an CCP in éineacht leo, ag féachaint don chlár oibre le haghaidh an chruinnithe;

- Beirt oifigeach de chuid an Gharda Síochána arna n-ainmniú ag an gCoimisinéir, agus cibé oifigigh de chuid an Gharda Síochána a measann siad is iomchuí in éineacht leo;

- 3 phearsa aonair is ionadaithe ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae, arna roghnú de réir socruithe áitiúla lena bhféadfaí go n-áireofaí comhairleoireacht leis an bhfóram pobail agus deonach agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Ceantar Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt nó Foghrúpaí Sábháilteachta Pobail.

16.2.2 **Comhairlí Contae a bhfuil 26 – 31 Comhalta Tofa orthu**

Is é a bheidh i mballraíocht an CCP:

- 14 chomhalta tofa den údarás áitiúil agus a laghad 2 chomhalta acu ó gach toghcheantar áitiúil. De bhreis ar an líon sin, comhalta ex-officio den CCP a bheidh sa Chathaoirleach. Ní mór ionadaíocht ar an CCP a bheith ag gach grúpa polaitiúil ar an gComhairle Contae. Má bhíonn comhionannas vótaí ann, cinnfear ní os comhair cruinnithe leis an dara vóta nó vóta réitigh a chaithfidh cathaoirleach an chruinnithe.

- 5 chomhalta Oireachtais, a roghnófar as a measc féin ag comhaltaí sin an Oireachtais a chláraigh leis an gComhairle Contae gur suim leo ballraíocht a bheith acu. Is ar bhonn sealaíochta gach re bliain a bheidh ballraíocht an Oireachtais, ar bhonn atá le cinneadh ag na comhaltaí Oireachtais atá cláraithe. Éascóidh an Chomhairle Contae an próiseas roghnaithe. Chomh fada agus is féidir beidh ionadaíocht i measc an chúigir ag gach grúpa polaitiúil a ndéanfaidh comhaltaí Oireachtais do cheantar na Comhairle Contae ionadaíocht orthu. Muran féidir leis na

baill chláraithe Oireachtais cúigear chomhalta a roghnú as a measc féin, cuirfear ar chrann iad;

- An bainisteoir contae, ar comhalta ex-officio a bheidh ann nó inti, agus duine arna ainmniú aige nó aici. Féadfaidh cibé oifigigh eile is dóigh leis nó léi is iomchuí freastal ar chruinnithe an CCP in éineacht leo, ag féachaint don chlár oibre le haghaidh an chruinnithe;

- Beirt oifigeach de chuid an Gharda Síochána arna n-ainmniú ag an gCoimisinéir, agus cibé oifigigh de chuid an Gharda Síochána a measann siad is iomchuí in éineacht leo;

- 3 phearsa aonair is ionadaithe ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae, arna roghnú de réir socruithe áitiúla lena bhféadfaí go n-áireofaí comhairleoireacht leis an bhfóram pobail agus deonach agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Ceantar Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt nó Foghrúpaí Sábháilteachta Pobail.

16.2.3 **Comhairlí Contae a bhfuil 20 - 25 Chomhalta Tofa orthu**

Is é a bheidh i mballraíocht an CCP:

- 13 chomhalta tofa den údarás áitiúil agus a laghad 2 chomhalta acu ó gach toghcheantar áitiúil. De bhreis ar an líon sin, comhalta ex-officio den CCP a bheidh sa Chathaoirleach. Ní mór ionadaíocht ar an CCP a bheith ag gach grúpa polaitiúil ar an gComhairle Contae. Má bhíonn comhionannas vótaí ann, cinnfear ní os comhair cruinnithe leis an dara vóta nó vóta réitigh a chaithfidh cathaoirleach an chruinnithe;

- 5 chomhalta Oireachtais, a roghnófar as a measc féin ag comhaltaí sin an Oireachtais a chláraigh leis an gComhairle Contae gur suim leo ballraíocht a bheith acu. Is ar bhonn sealaíochta gach re bliain a bheidh ballraíocht an Oireachtais, ar bhonn atá le cinneadh ag na comhaltaí Oireachtais atá cláraithe. Éascóidh an Chomhairle Contae an próiseas roghnaithe. Chomh fada agus is féidir beidh ionadaíocht i measc an chúigir ag gach grúpa polaitiúil a ndéanfaidh comhaltaí Oireachtais do cheantar na Comhairle Contae ionadaíocht orthu. Muran féidir leis na baill chláraithe Oireachtais cúigear chomhalta a roghnú as a measc féin, cuirfear ar chrann iad;

- An bainisteoir contae, ar comhalta ex-officio a bheidh ann nó inti, agus duine arna ainmniú aige nó aici. Féadfaidh cibé oifigigh eile is dóigh leis nó léi is iomchuí freastal ar chruinnithe an CCP in éineacht leo, ag féachaint don chlár oibre le haghaidh an chruinnithe;

- Beirt oifigeach de chuid an Gharda Síochána arna n-ainmniú ag an gCoimisinéir, agus cibé oifigigh de chuid an Gharda Síochána a measann siad is iomchuí in éineacht leo;

- 3 phearsa aonair is ionadaithe ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae, arna roghnú de réir socruithe áitiúla lena bhféadfaí go n-áireofaí comhairleoireacht leis an bhfóram pobail agus deonach agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Ceantar Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt nó Foghrúpaí Sábháilteachta Pobail.

16.3 **Comhairlí Cathrach**

16.3.1 **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**

16.3.1.1 Is é a bheidh i mballraíocht an CCP:

- 13 chomhalta tofa den údarás áitiúil, ar duine a bheidh ainmnithe ag an gComhairle Cathrach as gach ceann de na 13 thoghcheantar a bheidh i nduine acu. De bhreis ar an líon sin, comhalta ex-officio den CCP a bheidh san Ardmhéara. Ní mór ionadaíocht ar an CCP a bheith ag gach grúpa polaitiúil ar an gComhairle Contae. Má bhíonn comhionannas vótaí ann, cinnfear ní os comhair cruinnithe leis an dara vóta nó vóta réitigh a chaithfidh cathaoirleach an chruinnithe;

- 6 chomhalta Oireachtais, a roghnófar as a measc féin ag comhaltaí sin an Oireachtais a chláraigh leis an gComhairle Cathrach gur suim leo ballraíocht a bheith acu. Is ar bhonn sealaíochta gach re bliain a bheidh ballraíocht an Oireachtais, ar bhonn atá le cinneadh ag na comhaltaí Oireachtais atá cláraithe. Éascóidh an Chomhairle Cathrach an próiseas roghnaithe. Chomh fada agus is féidir beidh ionadaíocht i measc an tseisir chomhalta ag gach grúpa polaitiúil a ndéanfaidh comhaltaí Oireachtais do cheantar na Comhairle Cathrach ionadaíocht orthu. Muran féidir leis na baill chláraithe Oireachtais seisear chomhalta a roghnú as a measc féin, cuirfear ar chrann iad;

- An bainisteoir contae, ar comhalta ex-officio a bheidh ann nó inti, agus beirt oifigeach eile arna n-ainmniú aige nó aici. Féadfaidh cibé oifigigh eile is dóigh leis nó léi is iomchuí freastal ar chruinnithe an CCP in éineacht leo, ag féachaint don chlár oibre le haghaidh an chruinnithe;

- Beirt oifigeach de chuid an Gharda Síochána arna n-ainmniú ag an gCoimisinéir, agus cibé oifigigh de chuid an Gharda Síochána a measann siad is iomchuí in éineacht leo;

- 3 phearsa aonair is ionadaithe ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae, arna roghnú de réir socruithe áitiúla lena bhféadfaí go n-áireofaí comhairleoireacht leis an bhfóram pobail agus deonach agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Ceantar Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt nó Foghrúpaí Sábháilteachta Pobail.

16.3.1.2 Bunóidh an CCP cúig fhochoiste ceantair ag freagairt do cúig cheantar oibríochtúla na Comhairle Cathrach. Is é a bheidh i mballraíocht gach fochoiste ceantair:

- Comhaltaí tofa an údaráis áitiúil don cheantar oibrichtúil. Comhalta ex-officio de gach fochoiste ceantair a bheidh san Ardmhéara;

- 6 chomhalta Oireachtais, a roghnófar as a measc féin ag comhaltaí sin an Oireachtais a chláraigh leis an gComhairle Cathrach gur suim leo ballraíocht a bheith acu ar an bhfochoiste ceantair sin. Is ar bhonn sealaíochta gach re bliain a bheidh ballraíocht an Oireachtais, ar bhonn atá le cinneadh ag na comhaltaí Oireachtais atá cláraithe. Éascóidh an Chomhairle Cathrach an próiseas roghnaithe. Chomh fada agus is féidir beidh ionadaíocht i measc an tseisir chomhalta ag gach grúpa polaitiúil a ndéanfaidh na comhaltaí Oireachtais sin a chláraigh gur suim leo ballraíocht a bheith acu ar an bhfochoiste ceantair sin ionadaíocht orthu. Muran féidir leis na baill chláraithe Oireachtais seisear chomhalta a roghnú as a measc féin, cuirfear ar chrann iad;

- An bainisteoir contae, ar comhalta ex-officio a bheidh ann nó inti, agus duine arna ainmniú aige nó aici. Féadfaidh cibé oifigigh eile is dóigh leis nó léi is iomchuí freastal ar chruinnithe na bhfochoistí ceantair in éineacht leo, ag féachaint don chlár oibre le haghaidh an chruinnithe;

- Beirt oifigeach de chuid an Gharda Síochána arna n-ainmniú ag an gCoimisinéir, agus cibé oifigigh de chuid an Gharda Síochána a measann siad is iomchuí in éineacht leo;

- 2 phearsa aonair is ionadaithe ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae, arna roghnú de réir socruithe áitiúla lena bhféadfaí go n-áireofaí comhairleoireacht leis an bhfóram pobail agus deonach agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Ceantar Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt nó Foghrúpaí Sábháilteachta Pobail..

16.3.2 **Comhairle Cathrach Chorcaí**

Is é a bheidh i mballraíocht an CCP:

- 16 chomhalta tofa den údarás áitiúil agus a laghad 2 chomhalta acu ó gach toghcheantar den Chomhairle Cathrach. De bhreis ar an líon sin, comhalta ex-officio den CCP a bheidh san Ardmhéara. Ní mór ionadaíocht ar an CCP a bheith ag gach grúpa polaitiúil ar an gComhairle Cathrach Má bhíonn comhionannas vótaí ann, cinnfear ní os comhair cruinnithe leis an dara vóta nó vóta réitigh a chaithfidh cathaoirleach an chruinnithe;

- 6 chomhalta Oireachtais, a roghnófar as a measc féin ag comhaltaí sin an Oireachtais a chláraigh leis an gComhairle Cathrach gur suim leo ballraíocht a bheith acu. Is ar bhonn sealaíochta gach re bliain a bheidh ballraíocht an Oireachtais, ar bhonn atá le cinneadh ag na comhaltaí Oireachtais atá cláraithe. Éascóidh an Chomhairle Cathrach an próiseas roghnaithe. Chomh fada agus is féidir beidh ionadaíocht i measc an

tseisir chomhalta seo ag gach grúpa polaitiúil a ndéanfaidh comhaltaí Oireachtais do cheantar na Comhairle Cathrach ionadaíocht orthu. Muran féidir leis na comhaltaí cláraithe Oireachtais seisear chomhalta a roghnú as a measc féin, cuirfear ar chrann iad;

- An bainisteoir contae, ar comhalta ex-officio a bheidh ann nó inti, agus duine arna ainmniú aige nó aici. Féadfaidh cibé oifigigh eile is dóigh leis nó léi is iomchuí freastal ar chruinnithe an CCP in éineacht leo, ag féachaint don chlár oibre le haghaidh an chruinnithe;

- Beirt oifigeach de chuid an Gharda Síochána arna n-ainmniú ag an gCoimisinéir, agus cibé oifigigh de chuid an Gharda Síochána a measann siad is iomchuí in éineacht leo;

- 3 phearsa aonair is ionadaithe ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae, arna roghnú de réir socruithe áitiúla lena bhféadfaí go n-áireofaí comhairleoireacht leis an bhfóram pobail agus deonach agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Ceantar Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt nó Foghrúpaí Sábháilteachta Pobail.

16.3.3 **Comhairle Cathrach Luimnigh**

Is é a bheidh i mballraíocht an CCP:

- 13 chomhalta tofa den údarás áitiúil agus a laghad 3 chomhalta acu ó gach toghcheantar den Chomhairle Cathrach. De bhreis ar an líon sin, comhalta ex-officio den CCP a bheidh san Ardmhéara. Ní mór ionadaíocht ar an CCP a bheith ag gach grúpa polaitiúil ar an gComhairle Cathrach. Má bhíonn comhionannas vótaí ann, cinnfear ní os comhair cruinnithe leis an dara vóta nó vóta réitigh a chaithfidh cathaoirleach an chruinnithe;

- 5 chomhalta Oireachtais, a roghnófar as a measc féin ag comhaltaí sin an Oireachtais a chláraigh leis an gComhairle Cathrach gur suim leo ballraíocht a bheith acu. Is ar bhonn sealaíochta gach re bliain a bheidh ballraíocht an Oireachtais, ar bhonn atá le cinneadh ag na comhaltaí Oireachtais atá cláraithe. Éascóidh an Chomhairle Cathrach an próiseas roghnaithe. Chomh fada agus is féidir beidh ionadaíocht i measc an chúigir chomhalta seo ag gach grúpa polaitiúil a ndéanfaidh comhaltaí Oireachtais do cheantar na Comhairle Cathrach ionadaíocht orthu. Muran féidir leis na comhaltaí cláraithe Oireachtais cúigear chomhalta a roghnú as a measc féin, cuirfear ar chrann iad;

- An bainisteoir contae, ar comhalta ex-officio a bheidh ann nó inti, agus duine arna ainmniú aige nó aici. Féadfaidh cibé oifigigh eile is dóigh leis nó léi is iomchuí freastal ar chruinnithe an CCP in éineacht leo, ag féachaint don chlár oibre le haghaidh an chruinnithe;

- 2 oifigeach de chuid an Gharda Síochána arna n-ainmniú ag an gCoimisinéir, agus cibé oifigigh de chuid an Gharda Síochána a measann siad is iomchuí in

éineacht leo;

- 3 phearsa aonair is ionadaithe ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae, arna roghnú de réir socruithe áitiúla lena bhféadfaí go n-áireofaí comhairleoireacht leis an bhfóram pobail agus deonach agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Ceantar Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt nó Foghrúpaí Sábháilteachta Pobail.

16.3.4 **Comhairlí Cathrach a bhfuil 15 Chomhalta Tofa orthu**

Is é a bheidh i mballraíocht an CCP:

- 11 chomhalta tofa den údarás áitiúil agus a laghad 3 chomhalta acu ó gach toghcheantar den Chomhairle Cathrach. De bhreis ar an líon sin, comhalta ex-officio den CCP a bheidh san Ardmhéara. Ní mór ionadaíocht ar an CCP a bheith ag gach grúpa polaitiúil ar an gComhairle Cathrach. Má bhíonn comhionannas vótaí ann, cinnfear ní os comhair cruinnithe leis an dara vóta nó vóta réitigh a chaithfidh cathaoirleach an chruinnithe;

- 5 chomhalta Oireachtais, a roghnófar as a measc féin ag comhaltaí sin an Oireachtais a chláraigh leis an gComhairle Cathrach gur suim leo ballraíocht a bheith acu. Is ar bhonn sealaíochta gach re bliain a bheidh ballraíocht an Oireachtais, ar bhonn atá le cinneadh ag na comhaltaí Oireachtais atá cláraithe. Éascóidh an Chomhairle Cathrach an próiseas roghnaithe. Chomh fada agus is féidir beidh ionadaíocht i measc an tseisir chomhalta seo ag gach grúpa polaitiúil a ndéanfaidh comhaltaí Oireachtais do cheantar na Comhairle Cathrach ionadaíocht orthu. Muran féidir leis na baill chláraithe Oireachtais seisear chomhalta a roghnú as a measc féin, cuirfear ar chrann iad;

- An bainisteoir contae, ar comhalta ex-officio a bheidh ann nó inti, agus duine arna ainmniú aige nó aici. Féadfaidh cibé oifigigh eile is dóigh leis nó léi is iomchuí freastal ar chruinnithe an CCP in éineacht leo, ag féachaint don chlár oibre le haghaidh an chruinnithe;

- 2 oifigeach de chuid an Gharda Síochána arna n-ainmniú ag an gCoimisinéir, agus cibé oifigigh de chuid an Gharda Síochána a measann siad is iomchuí in éineacht leo;

- 3 phearsa aonair is ionadaithe ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae, arna roghnú de réir socruithe áitiúla lena bhféadfaí go n-áireofaí comhairleoireacht leis an bhfóram pobail agus deonach agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Ceantar Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt nó Foghrúpaí Sábháilteachta Pobail.

16.4 **Comhairlí Buirge / Baile**

Is é a bheidh i mballraíocht an CCP:

- Gach comhalta tofa de chuid an údaráis áitiúil ar an gComhairlr Buirge / Baile;

- 3 chomhalta Oireachtais, a roghnófar as a measc féin ag comhaltaí sin an Oireachtais a chláraigh leis an gComhairle Buirge / Baile gur suim leo ballraíocht a bheith acu. Is ar bhonn sealaíochta gach re bliain a bheidh ballraíocht an Oireachtais, ar bhonn atá le cinneadh ag na comhaltaí Oireachtais atá cláraithe. Éascóidh an Chomhairle Buirge / Baile an próiseas roghnaithe. Chomh fada agus is féidir beidh ionadaíocht i measc an triúir ag gach grúpa polaitiúil a ndéanfaidh comhaltaí Oireachtais do cheantar na Comhairle Buirge / Baile ionadaíocht orthu. Muran féidir leis na baill chláraithe Oireachtais triúr chomhalta a roghnú as a measc féin, cuirfear ar chrann iad;

- 2 oifigeach arna n-ainmniú ag an mbainisteoir contae, a bhféadfadh an bainisteoir contae a bheith ar dhuine acu. Féadfaidh cibé oifigigh eile is dóigh leis nó léi is iomchuí freastal ar chruinnithe an CCP in éineacht leo, ag féachaint don chlár oibre le haghaidh an chruinnithe;

- 2 oifigeach de chuid an Gharda Síochána arna n-ainmniú ag an gCoimisinéir, agus cibé oifigigh de chuid an Gharda Síochána a measann siad is iomchuí in éineacht leo;

- 3 phearsa aonair is ionadaithe ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae, arna roghnú de réir socruithe áitiúla lena bhféadfaí go n-áireofaí comhairleoireacht leis an bhfóram pobail agus deonach agus aon Fhoirne Forfheidhmithe Ceantar Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt nó Foghrúpaí Sábháilteachta Pobail.

16.5 Nithe Ballraíochta Ginearálta

16.5.1 D'fhonn ionadaíocht chomh leathan agus is féidir de chomhaltaí Oireachtais a éascú, níl cead ag aon chomhalta Oireachtais clárú le haghaidh ballraíochta ach in aon CCP ag leibhéal contae / cathrach. I gcás chathair Bhaile Átha Cliath, níl cead ag aon chomhalta Oireachtais clárú le haghaidh ballraíochta ach le haghaidh fochoiste ceantair amháin. Sa chás go mbíonn gannionadaíocht suntasach ann i líon na gcomhaltaí Oireachtais ar CCP ar leith, de réir an mhéid a shonraítear sna Treoirlínte seo, breithneoidh an tAire moltaí chun an ceanglas seo don CCP sin a chur ar ceal d'fhonn líon na gcomhaltaí Oireachtais air a mhéadú.

16.5.2 Ní bheidh comhaltaí na CCP ná na bhfochoistí i dteideal ionadaithe a cheapadh le freastal ar aon CCP ná le bheith rannpháirteach mar chomhaltaí iontu, ach amháin i gcás oifigigh agus chomhaltaí an Gharda Síochána dá bhforáiltear sna Treoirlínte seo.

16.5.3 Forálann alt 35 (3) d'Acht an Gharda Síochána:
"Agus comhaltaí den Gharda Síochána á n-ainmniú lena gceapadh ar chomhchoiste póilíneachta, tabharfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána aird

ar an riachtanas a chinntiú gur den chéim agus den sinsearacht iomchuí a bheidh comhaltaí den sórt sin."

16.5.4 Beidh an té a cheapfar chun folúntas ócáideach a líonadh i seilbh na oifige sin an chuid eile de théarma an té a gceaptar ina ionad nó ina hionad é nó í. Scorfaidh comhalta is comhalta tofa den údarás áitiúil de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den choiste (i) má éiríonn sé nó sí as trí fhógra scoir i bhfoirm scríbhinne a chur chun an údaráis áitiúil; (ii) má dhícháilítear é nó í ó bhallraíocht a bheith aige / aici san údarás áitiúil; nó (iii) má stadann sé nó sí de bhallraíocht a bheith aige / aici san údarás áitiúil. Scorfaidh comhalta nach comhalta den údarás áitiúil de bheith ina chomhalta nó ina comhalta (i) má éiríonn sé nó sí as trí fhógra scoir i bhfoirm scríbhinne a chur chun an údaráis áitiúil; nó (ii) má stadann sé nó sí de bhallraíocht a bheith aige / aici sa ghrúpa a d'ainmnigh chun an choiste é nó í ar dtús. Beidh an té a mbíonn a thréimhse oifige nó a tréimhse oifige istigh nó a éiríonn as incháilithe le hathcheapadh faoi réir cheanglas ballraíochta arna leagadh amach san alt seo a chomhlíonadh.

16.5.5 Chomh fada agus is féidir ba cheart cloí le prionsabal an chomhionannais inscne sa bhallraíocht.

_____

Dermot Ahern
An tAire Dlí agus Cirt,
Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

24 Meán Fómhair, 2008

Aguisín

Comhchoistí Póilíneachta – Cód Cleachtais

1. Beartaítear gurb é a bheidh sna Comhchoistí Póilíneachta (CCP), fóram caibidlíochta agus bealach chun an mhuinín agus an t-iontaobh a neartú, agus dá réir sin go dtabharfar pobail le chéile trí phróiseas a mbeidh gach rannpháirtí sásta leis. Ba cheart do CCP dul i ngleic le grúpaí pobail éagsúla chomh mór agus is féidir. Is acmhainn thábhachtach iad grúpaí den sort sin d'fhonn dul i ngleic leis na saincheisteanna a dtugann na CCP aghaidh orthu.

2. Oibriúchán

   Aithnítear gur cheart do na CCP a bheith ábalta cláir oibre agus cur chuige dá gcuid féin a fhorbairt, tharla nach é an dá mhar a chéile é i ngach cás. Mar sin féin, ba cheart do na CCP aird a bheith acu ar na prionsabail agus na gnáthaimh seo a leanas agus iad i mbun oibriúcháin:

2.1 Ba cheart do CCP a bheith straitéiseach. Níor cheart fóram a bheith ann chun díriú ar cheisteanna sonraí. Ba cheart dó tosaíochtaí a leagadh amach agus a bheith dírithe ar ghníomhú.

2.2 Ba cheart dó clár oibre bliantúil a chur le chéile, ina n-áireofaí spriocanna réadacha agus táscairí chun an forfheidhmiú a thomhas. Ba cheart don chlár oibre tascanna a leagadh síos le haghaidh gach páirtí leasmhar sa CCP.

2.3 Níor cheart dó teacht chun bheith ina ionad gaotaireachta. Ba cheart béim a bheith ar thorthaí agus saincheisteanna á bplé agus, sa chomhthéacs seo, ba cheart dóibh a bheith cuiditheach. Níor cheart an iomarca d'am na gcruinnithe a chaitheamh ar cheisteanna agus óráidí. Níor cheart go mairfeadh tuairisc nó cur i láthair ó bhéal agus ceisteanna bainteacha níos mó ná 15 noimeád. (Féach mír 15.11 de na Treoirlínte.)

2.4 Ba cheart do CCP féachaint le straitéis trasearnála a fhorbairt agus cur leis an gcomhaontú. Ba cheart go ndíreodh cruinnithe ar chur chuige comhpháirtíochta a chur ar fáil seachas ar sheisiúin ceist agus freagra dírithe go sonrach ar ghrúpa amháin de rannpháirtithe ar leith. Níor cheart do CCP díriú ar chur i láthair agus ar staitistic choireachta.

2.5 Cé gur gné lárnach í an chomhpháirtíocht idir an Garda Síochána agus an t-údarás áitiúil i ngníomhú éifeachtúil an CCP, tá sé riachtanach cur chuige comhchoiteann a bheith ann ó thaobh freagracht a shannadh agus a ghlacadh. Ba cheart do chomhaltaí CCP a chur in iúl go mbeidh siad rannpháirteach ina chuid oibre. Tá a gcion féin den obair le déanamh ag gach páirtí leasmhar.

2.6 Ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist a d'fhéadfadh CCP díriú orthu tá: drugaí mídhleathacha; CCTV; an t-ord poiblí; iompar frithshóisialach; daoine faoi aois a bheith ag ól; daoine a bheith ag ól in áiteanna poiblí; iarratais ar cheadúnais dí a bhreithniú; an loitiméireacht; an chomharsanacht a bheith níos sábháilte; bainistiú eastát (lena n-áirítear forfheidhmiú tionachta agus soilsiú poiblí); athstiúradh na hóige; bainistiú tráchta; pleanáil mórócáidí a tharraingíonn sluaite móra eg fleánna; an chorrthrádáil; cúrsaí bruscar; fiontair frithchoireachta pobalbhunaithe. Ba cheart an breithniú a dhéantar ar shaincheisteanna a bheith bunaithe ar shonraí agus ar thaighde – níor cheart dó a bheith bunaithe ar mhothúcháin.

2.7 Ba cheart do CCP breithniú maidir le dul i mbun comhairleoireachta i dtaobh pleananna póilíneachta dúiche / rannán agus fiontar na n-údarás áitiúil.

2.8 Ba cheart do CCP díriú ar thorthaí. Ba cheart dó moltaí a dhéanamh, eg a mholadh go n-athrófaí fodhlithe nó athruithe ar pholasaithe agus ar rialú, agus ba cheart dó na cúiseanna atá lena chuid moltaí a leagadh amach.

2.9 Ba cheart gníomh a bheith mar thoradh ar gach mír ar an gclár oibre. Ba cheart foráil a dhéanamh go luath i gclár oibre gach cruinnithe le haghaidh athbhreithnithe ar stádas forfheidhmithe na moltaí a rinneadh ag cruinnithe roimhe sin.

2.10 Is teimpléad le haghaidh clár oibre CCP é seo a leanas:

1. Miontuairiscí an chruinnithe dheiridh
2. Dul chun cinn ar ghníomhartha a aontaíodh ag cruinniú roimhe / níos luaithe
3. Tuarascálacha ionadaithe an Gharda Síochána agus an údaráis áitiúil, ceisteanna ar thuarascálacha ina ndiaidh
4. Plé ar thopaicí ar leith
5. Gníomhartha a aontaítear
6. Dáta an chéad chruinnithe eile
7. Aon ghnó eile

2.11 Cuirfear miontuairiscí gach cruinnithe faoi bhráid an chruinnithe lena ndeimhniú mar thaifead cruinn ag an gcéad ghnáthchruinniú eile ina dhiaidh sin agus déanfar iad a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe sin. Ba cheart an fhreagracht as ullmhú na miontuairiscí a shannadh chuig duine sonraithe.

2.12 Tar éis gach cruinniú CCP, ba cheart doiciméad a ullmhú agus a scaipeadh ar na comhaltaí, ag leagadh amach na saincheisteanna a pléadh; na gníomhartha atá le déanamh agus cé a dhéanfaidh; spriocdáta le haghaidh cur i gcrích; agus dáta, am agus ionad a shocrófar don chéad chruinniú eile (mír 15.6 de na treoirlínte).

2.13 Níor cheart cruinnithe CCP agus údarás áitiúil a thionól chomh gar dá chéile go mbeidh baol ann go mbeadh a gcláir oibre agus a gcaibidlíocht dá ndroim sin fite fuaite ina chéile. Agus cruinnithe CCP á sceidealú, ba cheart aird a

thabhairt ar chruinnithe sceidealaithe ag forais eile a bhfuil baint ag comhaltaí leo.

2.14 Cé gur cheart go mbeadh go leor solúbthachta ag CCP chun oiriúnú a dhéanamh de réir tosca áirithe áitiúla (mír 1.6 de na Treoirlínte), tá sé inmhianaithe go n-oibríonn siad de réir caighdeán cosúla chomh fada agus is indéanta.

3. Oiliúint

3.1 Ba cheart don oiliúint a bheith ar bhonn comhchoiteann. Ba cheart di eolas cuimsitheach a chur ar fáil do rannpháirtithe ar acmhainn a gcuid CCP agus ar ról agus freagrachtaí na gcomhaltaí, agus a chur ar a gcumas dá réir sin na CCP a fheidhmiú de réir iomlán na hacmhainne acu i spiorad na comhpháirtíochta.

3.2 Baineann tábhacht ar leith le cathaoirligh a oiliúint, tharla ról lárnach a bheith acu sna cruinnithe a sheoladh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Ba cheart an oiliúint a chur ar fáil inter alia conas feidhmiú go héifeachtúil mar éascaitheoir coistí agus mionghrúpaí.

4. An Comhoibriú i bPáirt

4.1 Spreagtar na CCP forálacha alt 13 de na Treoirlínte a choimeád i gcuimhne ar bhonn leanúnach agus, má mheasann siad é a bheith iomchuí a dhéanamh amhlaidh, comhoibriú agus gníomhú i bpáirt.